




Gaelscoil Thulach na nÓg

Plean scoile corpoideachas

Creatlach Pleanála: Corpoideachas

■ Teideal

Seo plean scoile le haghaidh an Corpoideachas i nGaelscoil Thulach na n-Óg. I nGaelscoil Thulach na n-óg, tá seacht múinteoirí ranga, príomhoide, múinteoir tacaíocht foghlamtha lánaimseartha, múinteoir tacaíocht foghlamtha roinnte (lonnaithe sa scoil náisiúnta i gCill Bhríde) agus múinteoir cabhair ranga.

■ Réamhráiteas

(a) Conas a cuireadh an plean le chéile agus cé bhí páirteach ann?

Bhí sé mar post freagrach ag Adrian an plean corpoideachais a dhreachtú. Déantar plé leis an príomhoide agus na múinteoirí ar an slí chun an plean corpoideachas a leagan amach. Tar éis dreachtú a dhéanamh ar an plean corpoideachas, tháinig na múinteoirí le chéile chun an plean scoile a chur le chéile. Ar an / / , tháinig , , , , , , le chéile chun an plean scoile a chur le chéile. Bhí an dréacht seo curtha ós comhair an bord bainistíochta agus glactar leis mar an plean scoile don eolaíochta ar an / / .

(b) Cén fáth go bhfuil gá leis an bplean seo?

Ba chóir go gcuirfeadh an curaclam corpoideachais ar chumas an pháiste

Forás sóisialta agus pearsanta

- taitneamh agus gnóthachtáil a eispéiriú trí mheán luaile
- idirghníomhú agus comhoibriú go hógair le daoine eile, cuma cad é a gcúlra cultúrtha nó sóisialta nó a sainriachtanais
- buanna féinmheasa, féinfheasachta, muiníne, tionscnaimh agus ceannasaíochta a fhorbairt
- tuiscint do chothrom na Féinne agus ar mheanma foirne a fhorbairt trí rannpháirtíocht agus iomaíocht
- dearcadh deimhneach i leith rannpháirtíochta i ngníomhaíochtaí luaile a fhorbairt
- eachtraíocht agus dúshlán a eispéiriú

Forás fisiceach agus luaileach

- neart, luas, teacht aniar agus solúbthacht a fhorbairt trí bheith páirteach i raon leathan gníomhaíochtaí
- aclaíocht, airdeall, smacht, cothromaíocht agus comhordú a fhorbairt trí mheán luaile
- inniúlacht phearsanta a fhorbairt sna scileanna lúthchleasaíochta rith, léimneach agus caitheamh

- damhsaí a dhéanamh go muiníneach agus go hinniúil, damhsaí simplí tíre agus damhsaí Gaelacha san áireamh
- inniúlacht phearsanta i raon de luailí gleacaíochta a fhorbairt
- inniúlacht phearsanta a fhorbairt sna scileanna cluichí -- seoladh, gabháil agus taisteal -- raon fearais a úsáid agus na scileanna a chur i bhfeidhm le linn cluichí
- na scileanna is gá chun maireachtáil agus gluaiseacht go muiníneach sa timpeallacht a chur i bhfeidhm
- muinín as uisce a chothú sa pháiste agus é/í in aice leis an uisce, ar an uisce, istigh ann nó thíos faoi
- inniúlacht phearsanta i mbanganna snámha éagsúla agus in aclaíocht uisce a fhorbairt

Eolas agus tuiscint

- tuiscint agus eolas ginearálta ar ghníomhaíochtaí luaile a fhorbairt agus tairbhe a ghnóthú mar rannpháirtí agus mar sheallach
- tuiscint ar thaisteal agus ar ghlacadh meáchain a fhorbairt mar bhunús d'ionramháil agus rialú éifeachtach luaile agus coirp ar an urlár agus ar an bhfearas araon
- tuiscint ar úsáid spáis, luais, iarrachta, treo agus leibhéil a eispéiriú agus a fhorbairt agus gníomhartha á gcomhall
- tuiscint ar thosca bunúsacha cuí, idir rialacha, mhodhanna beartaíochta agus straitéisí, i dtaca le gníomhaíochtaí luaile a fhorbairt
- comhall luaile a bhreathnú, a phlé, a anailísiú agus a chiallú agus taitneamh a bhaint as
- eolas ar ghnóthachtáil i ngníomhaíochtaí luaile a bhailiú, a chlárú agus a chiallú
- bheith tionscantach, cinneadh ar chomhairle, fadhbanna a réiteach agus féinriar a fhorbairt trí ghníomhaíochtaí luaile
- bheith páirteach i ngníomhaíochtaí cultúrtha trí mheán luaile agus eolas agus léirthuisicint orthu a fhorbairt
- léirthuisicint agus meas ar an timpeallacht a fhorbairt trí bheith páirteach in imeachtaí lasmuigh

Forbairt aeistéitiúil agus chruthaitheach

- an corp a úsáid mar mheán nochta mothúchán agus mar mheán cumarsáide agus feidhm á baint as raon ilghnéitheach spreagthach
- damhsaí simplí a chumadh agus a chomhall
- cluichí simplí a chumadh agus a imirt
- tuiscint ealaíonta agus aeistéitiúil a fhorbairt trí bhíthin na luaile agus mar chuid di

Forbairt chorpacmhainn na sláinte

- corpacmhainn na sláinte a chaomhnú agus a mhéadú trí ghníomhaíocht bhríomhar choirp a chuidíonn le stíl shláintiúil mhaireachtála a chothú
- dea-chleachtais sláinteachais agus staidiúire a thuiscint agus a chur i bhfeidhm
- na buntáistí a ghabhann le suaimhneas a ghlacadh a léirthuisicint agus dúshlán a shárú

Forbairt sábhailteachta

- cleachtais shábháilte a úsáid sna gníomhaíochtaí coirp uile.

■ Fís agus Aidhmeanna

(a) Fís - An plean i gcomhthéacs na scoile

Tá sé i gceist againn an bhunbheim a leagtar ar an gcorp agus ar eispéireas corpartha a dhealaíonn an corpoideachas ó achair eile an churaclaim. Is cuid dhílis den phróiseas oideachais é, agus bheadh oideachas an pháiste neamhiomlán dá uireasa. De thoradh raon ilghnéitheach de thaithí ar ghníomhaíochtaí coirp, a chuirfidh dúshlán faoin bpáiste, a sholáthar dó/di go tráthrialta cothaítear a f(h)orás iomlán comhchuí agus a f(h)olláine ghinearálta.

(b) Aidhmeanna

Cad a theastaíonn ón scoil a bhaint amach go hidéalach tríd an bplean seo (Déan tagairt d'aidhmeanna agus do chuspóirí le haghaidh an Chorpoideachais, Curaclam lth.10 -12).

Tacaímid le haidhmeanna Curaclam na Bunscoile le haghaidh **Corpoideachais**

- Forás fisiceach, sóisialta, mothúcháin agus intleachtúil an pháiste a chothú
- Buanna pearsanta deimhneacha a fhorbairt
- Cuidiú le raon oiriúnach de scileanna luaile a shealbhu i gcomhthéacsanna éagsúla
- Tuiscint agus eolas ar ghnéithe éagsúla na luaile a chothú
- Léirithuiscint ar luail agus ar úsáid an choirp mar ghléas nochta mothúcháin agus cruthaitheachta a fhorbairt
- Taitneamh agus dearcadh deimhneach i leith gníomhaíochta coirp, agus mar a chuidíonn sí le corpacmhainn na sláinte ar bhonn saoil, a chothú mar ullmhú an pháiste do thráthanna scíthe a chaitheamh go gníomhach agus go fóinteach.

An bhfuil aidhmeanna breise a bhaineann le do scoil féin?

■ Pleanáil Curaclaim

1. **Snáitheanna agus Snáithaonaid**

Luthcleasaíocht

Naíonán Shóisir agus Naíonán Shinsir

Ceachtanna

1 Ag rith: fad/ráibeáil; ag léim

2 Ag rith: fad/ráibeáil; ag léim

3 Ag rith: fad/rás sealaíochta; ag caitheamh

4 Ag rith: fad / ráibeáil / rás sealaíochta; ag caitheamh

5/6 Teagasc staisiúin ag súil siar ar na scileanna a cúdaítear sna ceachtanna thuas

Rang a haon agus Rang a dó

Ceachtanna

1 Ag rith: fad/ag ráibeáil/rás sealaíochta; ag léimt le haghaidh fad

2 Ag rith: fad/ag ráibeáil/rás sealaíochta; ag léimt le haghaidh fad

3 Ag rith: fad/ag ráibeáil/rás sealaíochta; ag caitheamh

4 Ag rith: fad/ag léimt thar constaicí; ag caitheamh

5/6 Teagasc staisiúin ag súil siar ar na scileanna a cúdaítear sna ceachtanna thuas

Rang a trí agus Rang a ceathair

Ceachtanna

1 Ag rith: fad/rás sealaíochta; ag léimt le haghaidh fad

2 Ag rith: fad/ag ráibeáil/rás sealaíochta; ag caitheamh (ga)

3 Ag rith: fad/ag ráibeáil/rás sealaíochta; ag léimt le haghaidh fad

Ag caitheamh (cur)

4 Ag rith: fad/ag léimt thar constaicí; ag léimt thar fad;

Ag caitheamh (cur)

5/6 Teagasc staisiúin ag súil siar ar na scileanna a cúdaítear sna ceachtanna thuas

Rang a cúig agus Rang a sé

Ceachtanna

1 Ag rith: fad/ag ráibeáil/rás sealaíochta; ag caitheamh (ga)

2 Ag rith: fad/rás sealaíochta; ag caitheamh (ga)

3 Ag rith: fad/ag léimt thar constaicí / rás sealaíochta; ag caitheamh (teasc)

4 Ag rith: : fad / ag ráibeáil; ag léimt thar fad agus aird

5/6 Teagasc staisiúin ag súil siar ar na scileanna a cúdaítear sna ceachtanna thuas

Damhsa

Naíonán Shóisir agus Naíonán Shinsir

Ceachtanna

1 Baill de choirp a iniúchadh

2 Cruthanna an choirp a iniúchadh

3 Cruthanna an choirp a iniúchadh

4 Gníomhaíochtaí an choirp a iniúchadh

5 Dinimic de láidir agus éadrom

6 Dinimic de láidir agus éadrom: scéal damhsa

Rang a haon agus Rang a dó

Ceachtanna

- 1 Baill de choirp ag bogadh a iniúchadh
- 2 Cruthanna an choirp a iniúchadh
- 3 Gníomhaíochtaí an choirp a iniúchadh
- 4 Imlíne choirp a iniúchadh
- 5 Dinimic de láidir agus éadrom
- 6 Dinimic de láidir agus éadrom: scéal damhsa

Rang a trí agus Rang a ceathair

Ceachtanna

- 1 Baill difriúla den choirp a bogadh
- 2 Ag obair le cruthanna an choirp,
- 3 Ag déanamh forbairt ar ghníomhaíochtaí an choirp
- 4 Gníomhaíochtaí ar an úrlár a iniúchadh
- 5 Dinimic de láidir agus éadrom: scéal damhsa
- 6 Dinimic de láidir agus éadrom, go tobann agus thar tréimhse; story dance

Rang a cúig agus Rang a sé

Ceachtanna

- 1 Gníomhaíochtaí an choirp- cruthanna, léibhéil, agus treoracha
- 2 Imlíne choirp a iniúchadh
- 3 Bogadh san aer agus ar an úrlár a iniúchadh
- 4 Ag damhsa le rudaí
- 5 Dinimic de láidir agus éadrom, go tobann agus thar tréimhse; story dance
- 6 Dinimic de láidir agus éadrom, go tobann agus thar tréimhse; story dance

Cluichí

Naíonán Shóisir agus Naíonán Shinsir

Ceachtanna

- 1-3 Gníomhaíochtaí ag caitheamh agus ag beir ar liathróidí-málaí pónairí
- 4-5 Scileanna láimhsithe liathróide a fhorbairt
- 6-8 Scileanna ciceála
- 9 Scileanna buailte- le raicéad
- 10 Scileanna buailte- le bata

Rang a haon agus Rang a dó

Ceachtanna

- 1 Gníomhaíochtaí ag caitheamh agus ag beir ar liathróidí-málaí pónairí
- 2-4 Scileanna láimhsithe liathróide a fhorbairt
- 5 Teagasc an staisiún- ag súil siar ar scileanna láimhsithe
- 6-7 Scileanna ciceála

- 8 Teagasc an staisiún- ag súil siar ar scileanna ciceála
- 9 Scileanna buailte- le raicéad
- 10 Scileanna buailte- le bata

Rang a trí agus Rang a ceathair

Ceachtanna

- 1 Scileanna láimhsithe liathróide
- 2 Teagasc an staisiún /cluichí beaga ag cleachtadh ar scileanna láimhsithe
- 3 Scileanna ciceála
- 4 Teagasc an staisiún /cluichí beaga ag cleachtadh ar scileanna ciceála
- 5 Scileanna buailte- le raicéad
- 6 Teagasc an staisiún ag cleachtadh na scileanna le raicéad
- 7 Scileanna buailte le bata
- 8 Teagasc an staisiún /cluichí beaga ag cleachtadh ar scileanna buailte

Rang a cúig agus Rang a sé

Ceachtanna

- 1 Scileanna láimhsithe liathróide
- 2 Cluichí beaga ag cleachtadh ar scileanna láimhsithe
- 3 Scileanna buailte ag baint úsáide as an lámh, cluichí beaga
- 4 Scileanna buailte ag baint úsáide as an lámh, cluichí beaga
- 5 Scileanna ciceála
- 6 Cluichí beaga ag cleachtadh scileanna láimhsithe le liathróid ubhcruth
- 7 Scileanna buailte le raicéad
- 8 Teagasc an staisiún /cluichí beaga ag cleachtadh ar scileanna buailte

Yoga Óga

Tacaíonn Óga Yoga le Gaelscoileanna chun caighdeán saoil níos suaimhní a chinntiú do dhaltaí agus do mhúinteoirí tríd an ióga agus an suanmhachnamh a mhúineadh as Gaeilge ar bhealach spráúil a chuireann le heispéireas na Gaelscolaíochta. Féach http://oga-yoga.ie/?page_id=136 le haghaidh tuilleadh eolais.

Ceachtanna

- 1 Turas chuig an dufair (jungle) san Ind. Tá cuid mhaith de ghluaiseachtaí yoga ainmnithe i ndiaidh ainmhithe m.sh An Tígéir, an nathair, an féileacán srl.
- 2 Turas chuig an Alban le haghaidh cluiche iománaíochta/camógaíochta
- 3 Turas surfála chuig an Bhriotáin
- 4 Turas Safari chuig an Aifric
- 5 Páirtnéir Yoga
- 6 Rang suan-mhachnamhach. Tá na páistí tar éis dul i dtaithí anois ar na gluaiseachtaí yoga agus an cineál iompar atá de dhíth mar sin is féidir linn níos mó ama a chaitheamh sna poses.

Gleacaíocht

Níl an snáith seo á dhéanamh ag an scoil faoi láthair, de bharr an easpa achmhainní atá ar fáil sa scoil. Déanfar athbhreithniú ar seo nuair atá scoil nua againn le halla.

Gníomhaíochtaí taobh amuigh

Naíonán Shóisir agus Naíonán Shinsir

Ceachtanna

- 1 Gníomhaíochtaí sula théann an rang amach ag treodóireacht
- 2 Treodóireacht le griangrafanna
- 3 Ag súil*
- 4 Bheith páirteach i dtóraíocht chiste

Rang a haon agus Rang a dó

Ceachtanna

- 1 Gníomhaíochtaí sula théann an rang amach ag treodóireacht
 - 2 Treodóireacht le griangrafanna
 - 3 Siúlanna an nathair/treodóireacht
- Chun an snáith seo a chríochnú, ba chóir snáitheanna breise a roghnú ó ghníomhaíochtaí súil & ghníomhaíochtaí taobh amuigh

Rang a trí agus Rang a ceathair

Ceachtanna

- 1 Le pleananna, ag tabhairt scóranna don treodóireacht
 - 2 Le pleananna, ag tabhairt scóranna don treodóireacht laistigh, súiloidí nathair
 - 3 Treodóireacht le griangrafanna
 - 4 Treodóireacht le réalt, treodóireacht ó cuimhne
- Chun an snáith seo a chríochnú, ba chóir snáitheanna breise a roghnú ó ghníomhaíochtaí súil & ghníomhaíochtaí taobh amuigh

Rang a cúig agus Rang a sé

Ceachtanna

- 1 Measúnú-treoracha ar leathanaigh
 2. Treodóireacht pointe go pointe
 - 3 Ag tabhairt scóranna don treodóireacht
- Chun an snáith seo a chríochnú, ba chóir snáitheanna breise a roghnú ó ghníomhaíochtaí súil & ghníomhaíochtaí taobh amuigh

Oiliúint Uisce

Clúdófar an snáith seo I rith tréimhse 8 seactain. Déanfar na ceachtanna snámh sa linn snámha I Coolmine le múinteoirí snámh speisialta. I rith na ceachtanna snámh seo, clúdófar na snáitheanna atá leagtha síos don snámh san curaclam.

Oiliúint uisce do ranganna naíonán go dtí rang 6

Snáithe: Oiliúint uisce

Snáithaonad: Sláinteachas

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- tábhacht an tsláinteachais nuair a bhíonn an linn á húsáid a thuiscint
*úsáid an fholctha cos, an chithfholctha agus an leithris
achar na linne a choinneáil glan.*

Snáithaonad: Sábháilteacht uisce

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- rialacha na linne áitiúla a chomhall
- na contúirtí a bhaineann le huisce a aithint
doimhneacht, sruthanna, taoídí, an aimsir, truailliú, hipiteirme
- an modh ceart chun déiléal le contúirtí a aithint
*scileanna sábháilteachta pearsanta a chleachtadh (m.sh. iontrálacha sábhailte, STÍL,
cuachadh, snámh i do sheasamh)
scairteadh ar chúnamh ar uair na práinne agus cúram a dhéanamh den tsábháilteacht
phearsanta
tarrtháil sínte agus caite a léiriú ar talamh nó i gcomharsanacht na linne.*

Snáithaonad: Dul isteach san uisce agus teacht amach as

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- dul isteach san uisce
*na céimeanna nó an dréimire a úsáid
suí, casadh agus sleamhnú isteach san uisce
siúl isteach de bhruach na linne
siúl isteach agus an aghaidh a chur san uisce gan imní
bolgáin a shéideadh leis an mbéal agus é/í san uisce
nithe éadroma a phiocadh suas ó thóin na linne agus na súile a bheith ar oscailt
féachaint ar pháirtí faoin uisce
léimneach isteach san uisce
tumadh: tumadh dromchla nó tumadh
dúléime (ina s(h)uí, cúbtha, ina s(h)easamh)*
- teacht amach as an uisce
*céimeanna a úsáid
teacht amach le cúnamh
teacht aníos díreach ar bhruach na linne.*

Snáithaonad: Snámhacht agus tiomáint

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- siúl in uisce éadomhain
siúl agus patrúin a dhéanamh
siúl le tionlacan rithime, ag athrú treo ar an mbuille trom
dul thar dhuine nó thar bhacainn
- dul trasna na linne de léimeanna, de shleaschéimeanna nó de rith
rásanna sealaíochta: trasnaíonn na páistí an linn de léimeanna, de shleaschéimeanna nó de rith
- a thabhairt faoi deara go snámhann nithe áirithe agus go dtéann nithe eile go tóin
nithe (liathróid, lachain bhréige) a shéideadh, nó a stiúradh leis an tsrón nó leis an gceann timpeall nithe a bhíonn ar snámh
- cleachtaí cothromaíochta, rothlaithe agus athghabhála a shaothrú le snámhán agus dá uireasa
seasamh suas athuair tar éis bheith béal faoi nó droim faoi
an corp agus é béal faoi nó droim faoi a rolladh
cruthanna, idir leathan is chaol, a dhéanamh le linn bheith ar snámh béal faoi nó droim faoi
cruthanna a nascadh chun snáitheanna a chruthú
bheith ar snámh i gcruth beacáin
casadh 360° go cothrománach nó go hingearach
- úsáid lámh is cos chun taistil san uisce a iniúchadh
ciceáil ar nós froig
an cluiche Deir Siomón a imirt -- na gníomhaíochtaí a bheith ag teacht le cumas na bpáistí
céaslóireacht a chleachtadh béal faoi agus droim faoi, an ceann chun tosaigh, na cosa chun tosaigh
cluichí fiaigh (m.sh. Cén t-am é, a Shiorc? Préacháin agus Corra)
- sní ar aghaidh nó ar gcúl feadh an dromchla i gcruth sínte
- sní go dtí tóin na linne.

Snáithaonad: Forbairt banganna snámha

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- riar maith de bhanganna snámha a shaothrú
crágshnámh, cúlbuille, bang brollaigh, snámh deilfe.

Snáithaonad: Cluichí liathróide uisce

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- bheith páirteach in imirt i mbeirteanna agus i ngrúpaí
liathróid a chaitheamh agus a ghabháil, caitheamh leathlámhach san áireamh
cluichí 'thar is faoi', mar a ndéantar liathróid a phasáil feadh líne páistí thar a gcinn agus faoina gcosa
sá-pheil uisce.

Snáithaonad: Oiliúint uisce a chiallú agus a léirthuisct

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- bunrialacha sláinteachais a thuiscint
- na contúirtí a bhaineann le huisce a thuiscint
- an chaoi le fanacht slán san uisce a thuiscint
- tuiscint bhreise ar shnámhacht a fhorbairt
- tuiscint d' éascaíocht luaile in uisce a fhorbairt
- eolas ar bhanganna snámha a mhéadú
- raon leathan de ghníomhaíochtaí uisce a phlé
peil uisce, snámh sioncrónaithe, tarrtháil
- bheith eolach ar eagraíochtaí agus ar chlubanna áitiúla a chothaíonn cluichí uisce.

2. Cur Chuige agus Modhanna Teagaisc

An mbainimid úsáid as meascán de na cur chuige seo a leanas?

Cur chuige an teagaisc dhírigh lth. 43

Nuair a bhíonn cur chuige an teagaisc dhírigh in úsáid, insíonn nó léiríonn an múinteoir do na páistí cad tá le déanamh acu agus déanann sé/sí a ndul chun cinn a bhreathnú. Bíonn ar an múinteoir gach socrú, nó an formhór acu, a dhéanamh mar gheall ar ábhar an cheachta, agus bíonn ar an bpáiste treoracha a fhreagairt. Cur chuige áisiúil é más cuspóirí atá bainteach le damhsaí tíre, mar shampla, a bhíonn i gceist. Cuireann sé deis ar fáil don mhúinteoir scileanna a bhaineann le cluichí a chur á gcleachtadh áit a gcinneann sé/sí ar mhianach an chleachtaidh, ar an am a chuirfear ar fáil dó, agus ar líon na n-athchleachtaí. Tá teagasc díreach oiriúnach freisin nuair a bhíonn gníomhaíochtaí á n-eagrú, nuair a bhítear ag cinntiú go bhfuil cleachtais sábháilteachta á bhfeidhmiú, agus nuair a bhíonn fearas corpoideachais á láimhsiú. Mar sin, is féidir leis, a bheith ina chuid bhunúsach de chur chuige an mhúinteora i raon leathan ceachtanna.

Cur chuige na fionnachtana faoi threoir lth. 43-44

Nuair a bhíonn straitéis na fionnachtana faoi threoir á húsáid ag an múinteoir ceapann sé/sí sraith ceisteanna a spreagfaidh na páistí sa deireadh chun freagra oiriúnach nó níos mó ná sin a thabhairt agus chun teacht ar choincheap áirithe nó 'réiteach' ar deireadh thiar. Cur chuige amháin é díobh sin a thugann deis do pháistí chun cinnteoireachta, chun fadhbanna a réiteach, nó chun a bheith tionscantach. Spreagann úsáid an chur chuige seo díospóireacht i measc na bpáistí, agus treisíonn sé a gcumas meastóireachta.

Is féidir cur chuige na fionnachtana faoi threoir a úsáid nuair is mian leis an múinteoir béim a chur ar na páistí a bheith á dtreorú chun dúshlán luaile a iniúchadh agus a thástáil. Is féidir feidhm a bhaint as nuair a bhíonn luail á iniúchadh ag an bpáiste trí eispéiris súgartha neamhfhoirmiúil. Is féidir é a úsáid freisin nuair is mian leis an múinteoir go ndéanfaidh na páistí machnamh ar conas coincheapa nó modhanna beartaíochta a chur i bhfeidhm i gcluichí: cothóidh ceistiú cuí an mhúinteora tuiscint níos iomláine ar conas is féidir scil áirithe a úsáid i gcluiche.

Comhtháthú lth. 45-49

Ba chóir don mhúinteoir machnamh ar conas is féidir na cuspóirí a ghnóthú trí chomhtháthú.

- **OSPS:** An bhéim a leagtar sa chlár corpoideachais ar thaitneamh agus dearcadh deimhneach a chothú i leith gníomhaíochta coirp maille leis an gcuidiú feadh saoil a thugann sí do shláinte, comhlánaíonn sí an snáithaonad 'Aire a thabhairt do mo chorp' sa chlár OSPS. Is féidir rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí lasmuigh a nascadh leis an snáithaonad 'Feasacht agus cúram imshaoil'. Soláthraíonn cluichí agus lúthchleasa deiseanna fiúntacha don pháiste dul i dtaithe ar ghlacadh le breitheanna agus rialacha agus coincheap chothrom na Féinne a fhorbairt -- coincheap a iniúchtar sa snáithaonad 'Caidreamh le daoine eile'. Is féidir le snámh agus gníomhaíochtaí eile uisce cúrsaí sábháilteachta a fhorbraítear sa snáithaonad 'Sábháilteacht agus cosaint' a chothú.
- **Teanga:** Foclóir ilchineálach luaile a úsáid (briathra, dobhriathra), treoracha a léirmhíniú, cur síos ar luailí, rialacha a phlé agus eispéiris i gcúrsaí spóirt nó gníomhaíochtaí lasmuigh a ríomh nó a chur i scríbhinn, cuidíonn siad seo go léir le teanga a fhorbairt agus a shaibhriú. Is féidir filíocht agus litríocht a úsáid mar spreagthaigh don damhsa.
- **OSIE:** Cothaítear forbairt scileanna geografacha, amhail úsáid léarscáileanna, nuair a bhíonn na páistí páirteach i ngníomhaíochtaí lasmuigh. Is féidir staidéar a dhéanamh ar an timpeallacht, ar an aimsir agus ar réimsí talún trí mheán na ngníomhaíochtaí seo chomh maith. Is féidir bunús an cheoil damhsa agus stair cluichí agus spórt a iniúchadh san OSIE freisin. Spóirt áitiúla, náisiúnta agus idirnáisiúnta a bheadh mar bhonn don staidéar seo.
- **Oideachas ealaíon:** Is féidir cumarsáid neamhbhriathartha a fhorbairt trí ghleacaíocht agus damhsa agus iad a nascadh le gníomhaíochtaí sa cheacht drámaíochta. Is féidir téamaí a bhaineann le heispéiris spórtáíochta agus gníomhaíochtaí lasmuigh a iniúchadh trí mheán na drámaíochta chomh maith agus b'fhéidir obair ealaíne a spreagadh dá bharr. Is féidir ceol a úsáid i ngníomhaíochtaí beochana, agus comhlánaíonn sé ceachtanna gleacaíochta agus damhsa. Is féidir le hobair ealaíne idéanna le haghaidh damhsa a spreagadh, agus is féidir luailí agus téamaí damhsa a léiriú le meáin ilghnéitheacha sna hamharcealaíona, m.sh. líníocht, péintéireacht, cré, agus dearadh culaithirte. Is féidir foinn náisiúnta a d'fheilfeadh d'ócáidí spórtáíochta a iniúchadh, mar aon le hamhráin tíre nó amhráin cois tine champa a d'oirfeadh do ngníomhaíochtaí lasmuigh.
- **Matamaitic:** Cuirtear deiseanna ar fáil chun léirthuisctint do chruth agus chothromaíocht a shaothrú agus chun a bheith ag meas, ag tomhas, agus ag déanamh comparáide. Is féidir torthaí a chlárú, uillinneacha a iniúchadh, agus táblaí sraithchomórtas a scrúdú.

3. Measúnú agus Coimeád Taifead

Cathain a dhéanann múinteoirí measúnú?

Cad iad na gnéithe ar a ndéanann múinteoirí measúnú m.sh. fonn a bheith rannpháirteach i ngníomhaíochtaí, 'taibhiú', suim, díogras/dearcadh na bpáistí, leibhéal scile, fonn

Breathnóireacht an mhúinteora

Tá sé seo ar an saghas measúnaithe is úsáidí agus ar an gceann is minice a úsáidtear sa chorpóideachas. Is é atá i gceist ná go ndéanfaí monatóireacht neamhfhoirmiúil ar dhul chun cinn na bpáistí de réir mar a tharlaíonn an fhoghlaim, agus is sa tslí seo a bhailítear cuid den eolas is cruinne.

D'fhéadfadh breathnóireacht an mhúinteora díriú ar

- an chaoi ina ngníomhaíonn an páiste nuair a leagtar tasc air/uirthi
- an chaoi ina bhfreagraíonn an páiste ceistanna agus moltaí an mhúinteora
- rannpháirtíocht an pháiste ina aonar, i ngrúpa nó mar bhall den rang
- idirghníomhú an pháiste lena c(h)omhghleacaithe agus é/í gafa in obair ghrúpa
- an tuiscint a léiríonn an páiste agus é/í páirteach i ngníomhaíocht.

Tá breathnóireacht an mhúinteora thar a bheith oiriúnach mar mhodh measúnaithe don chorpóideachas, toisc gur fearr tabhairt faoi mheasúnú nuair a bhíonn na páistí páirteach i ngníomhaíochtaí. Is féidir roinnt d'iompraíocht fhoghlama an pháiste a bhreathnú d'fhonn cuidiú le planáil iarghníomhaíochtaí: mar shampla, is féidir leis an mbealach a n-úsáideann páiste ball fearais a léiriú don mhúinteoir conas cabhair a thabhairt dó/di úsáid níos éifeachtaí a bhaint as an bhfearas sin nó as fearas eile i gceachtanna ina dhiaidh sin. Is fiú torthaí breathnóireachta den chineál seo a chlárú. Tharlódh gur leor do mhúinteoirí nóta simplí a bhreacadh ag deireadh an cheachta chun cabhrú leo obair bhreise a phleanáil ar bhealach níos eagraithe. Is féidir le heolas a chláraítear ar an gcaoi seo modhanna measúnaithe eile a chomhlánú nuair a bhíonn próifíl páiste sa chorpóideachas á cur le chéile nó nuair a bhíonn measúnú suimitheach á chlárú agus á thuairisciú. Cuireann an saghas seo measúnaithe an dul chun cinn a dhéanann rang nó grúpa nó páiste áirithe i dtaca le hábhar an chláir san áireamh.

Tascanna múinteoir-deartha

Bíonn tascanna ilghnéitheacha á gceapadh de shíor ag múinteoirí le haghaidh na bpáistí i ngach achar den chlár corpoideachais. Ceapfar roinnt tascanna chun deiseanna ar chleachtadh scileanna a sholáthar, ceapfar roinnt eile chun cruthaitheacht a ghríosú nó chun eolas ar ghníomhaíochtaí a chnuasach, agus ceapfar roinnt eile fós chun ceistiú agus díospóireacht ghrúpa a spreagadh sula ndéantar tasc nó nuair a bhíonn tasc á thabhairt chun críche.

Is féidir tascanna a shuítear i gcomhthéacs foghlama a dhearadh sa chaoi gur féidir an próiseas a mheasúnú (mar a bheirtear greim ar bhata nó shlacán nó mar a dhéantar é a luascadh) nó an toradh a mheasúnú (an mbaintear an sprioc amach?), nó an próiseas agus an toradh a mheasúnú in éineacht. Sampla eile de thasc dá leithéid seo is ea iarraidh ar pháiste tabhairt faoi chosán eachtraíochta: déanann an múinteoir an modh a úsáideann an páiste (an próiseas) agus cé acu a mbaintear an sprioc amach nó nach mbaintear (an toradh) a mheasúnú.

Ba chóir raon fairsing tascanna a bhaineann le snáitheanna ar leith a úsáid, mar shampla an léim fhada as seasamh a chleachtadh chun fad a ghnóthú, sraith a léiríonn preabadh, eitilt agus tuirlingt rialaithe a chruthú agus a chomhall nó léimneach isteach san uisce agus teacht ar ní ar ghrinneall na linne.

Cé go n-ídíonn na tascanna seo am, is féidir iad a úsáid go héifeachtach mar chuid de

chomhthéacs foghlama toisc iad a bheith nasctha le hábhar an chláir. Nuair a úsáidtear raon tascanna, gríosáítear na páistí uile chun a gcuid scileanna agus a dtuiscint, mar aon le cáilíochtaí mar a gcumas chun glacadh le rath agus teip, a léiriú. Ní ghlacann tascanna áirithe ach achar gairid lena dtabhairt chun críche, cuid bheag de cheacht amháin, b'fhéidir. Is féidir go nglacadh tascanna eile roinnt ceachtanna lena gcríochnú, m.sh. damhsa gairid a chruthú agus a chomhall.

Próifílí curaclaim don chorpoideachas

Is féidir struchtúr níos foirmiúla a chur ar bhreathnóireacht leanúnach neamhfhoirmiúil múinteoirí trí phróifílí curaclaim a úsáid. Chuige seo bíonn gearrchuntais thuairisciúla ar an ngnóthachtáil sa chorpoideachas a mbeifí ag súil léi ón bpáiste ag céimeanna difriúla dá f(h)orás ag teastáil. Scríobhtar na cuntais seo uaireanta i bhfoirm alt gearr bunaithe ar líon áirithe táscairí, m.sh. iompraíochtaí nó cumais a léireodh an páiste. Féachann an múinteoir le torthaí a b(h)reathnóireachta ar dhaltaí agus na táscairí atá sna próifílí a mheaitseáil le chéile nuair a bhíonn na páistí ag gabháil d'aonad oibre nó nuair a chríochnaíonn siad é. Is féidir leas a bhaint as an bpróifíl freisin chun dul chun cinn a chlárú i bhfoirm scríofa nó mar bhunús chun tuairisc a sholáthar, trí ghnéithe de na hait a mharcáil nó a chur chun suntais de réir mar a bhíonn siad á ngnóthú ag an bpáiste. Léireoidh siad riachtanais na bpáistí agus cuirfidh siad leithne na gcumas atá i ngach rang bunscoile san áireamh.

Eile....???????????????

Cén úsáid a bhaintear as an bhfaisnéis a bhailítear ón measúnú?

An mbaintear úsáid as an bhfaisnéis seo sa phleanáil scoile agus ranga?

Cad iad na taifid a choimeádtar? Cá gcoimeádtar na taifid? Cén fhad? (Déan tagairt do pholasaí na scoile ar Choimeád Taifead)

Conas a roinneann múinteoirí faisnéis le páistí/le tuismitheoirí? Aiseolas le linn cruinnithe tuismitheoirí – múinteoirí ar ghnóthachtála an pháiste – forbairt scile chomh maith le fonn comhoibrithe....??

4. Teagasc Il-ranga

Conas is féidir obair aonair nó obair bheirte a éascú, ag baint úsáide as an trealamh agus as an achar céanna, agus cur gníomhaíochtaí éagsúla forbartha ar fáil?????

Nuair a bhíonn teagasc i gcomhranganna á phleanáil, d'fhéadfadh an múinteoir machnamh ar:

- obair aonaránach nó obair le páirtí a thugann deis gníomhaíochtaí difriúla a oireann do chéimeanna éagsúla foráis a bheartú ach a úsáideann an fearas céanna agus an t-achar imeartha céanna
- iarghníomhaíochtaí a chur le buncheacht i dtreo go mbíonn deis ag grúpa amháin an méid a múineadh sa cheacht a athchleachtadh fad agus a bhíonn an grúpa eile ag dul chun cinn agus iad ag déanamh tuilleadh forbartha ar an ábhar sin
- obair ghrúpa ag baint úsáide as modh múinte na 'stáisiún'. Oibríonn grúpa le chéile ag

'stáisiún' amháin, agus gluaiseann siad ar aghaidh chun tasc difriúil a dhéanamh nó cluiche eile a imirt ag 'stáisiún' eile. Sa tslí seo is féidir le páistí atá ar comhchumas nó le páistí atá ag an leibhéal ranga céanna a bheith in aon ghrúpa. (Féach Cur chuige agus modhanna teagaisc lch. 42.)

- feidhm a bhaint as an bpearsanra a chuireann cumainn spóirt nó damhsa ar fáil chun cuidiú le teagasc grúpa (Féach freisin lch. 27 Tacaíocht don chlár corpoideachais a eagrú agus a riar.)

An ceacht corpoideachais a eagrú

Ní mór an ceacht corpoideachais a phleanáil go cúramach chun a chinntiú go mbeidh an t-eagrú éifeachtach. Ba chóir na ceachtanna go léir a eagrú sa chaoi go spreagfar rannpháirtíocht an pháiste iontu. Is féidir an cuspóir seo a bhaint amach i gcásanna áirithe trí ghníomhaíocht ranga a phleanáiltear go cúramach, ach is éifeachtaí go hiondúil é na páistí a roinnt ina ngrúpaí. Déantar trácht thíos ar roinnt modhanna a oireann d'obair ghrúpa.

Imirt ina n-aonar, ina mbeirteanna, ina ngrúpaí, agus ina bhfoirne

Caithfidh pleanáil múinteoirí freastal ar pháistí a bheith ag obair ina n-aonar nó le páistí eile go comhoibritheach agus go hiomaíoch. I ranganna na naíonán tabharfaidh na páistí faoi fhormhór na ngníomhaíochtaí ina n-aonar i dtosach, agus is féidir ansin obair le páirtithe a fhorbairt uaidh seo. Is féidir go bhfoghlaimoidh grúpaí beaga conas oibriú i gcomhar. Na deiseanna le haghaidh obair ghrúpa a chuirfí ar fáil i ranganna 1 agus 2 ba cheart go ndéanfaidís comhar na bpáistí a threisiú, rud a ullmhóidh iad le haghaidh saothrú na himeartha foirne i gcluichí, mar shampla. Oireann imirt ina bhfoirne do pháistí ó rang 3 go dtí rang 6, ach ba cheart go mbeadh an imirt ag teacht i gcónaí le riachtanais faoi leith an pháiste. Cluichí le foirne beaga nó mionleaganacha de chluichí ina ndéantar na rialacha a mhodhnú na cinn is oiriúnaí. Is féidir le grúpaí, agus líon níos mó páistí iontu, a bheith ag saothrú in éineacht i gceachtanna damhsa agus gleacaíochta ó rang 3 go dtí rang 6, iad ag dul chun cinn ó bheith ag obair ina n-aonar i dtosach go hobair le páirtí agus mar bhall de ghrúpa beag.

Teagasc 'stáisiún'

Oireann úsáid 'stáisiún' do theagasc cluichí, gleacaíochta, gníomhaíochtaí lasmuigh agus gníomhaíochtaí eachtraíochta, lúthchleasaíochta nó oiliúna uisce. Cur chuige é seo a ligeann don líon is mó páistí a bheith páirteach agus a sholáthraíonn deiseanna le haghaidh cleachta leanúnaigh do ghrúpaí agus iad i mbun tascanna difriúla ag an am céanna. Tá sé rí-úsáideach áit a bhfuil an fearas gann.

Oibríonn páistí le fearas sainiúil agus iad ag cleachtadh scileanna áirithe agus ag imirt cluichí áirithe. Is féidir idir sé agus ocht ngrúpa bheith sa rang. Tar éis achair ama áirithe (tríocha soicind go dtí cúig nóiméad -- cibé uair a bhíonn an ghníomhaíocht críochnaithe) téann siad ar aghaidh go dtí 'stáisiún' nó ionad eile, áit a ndéanann siad sraith scileanna difriúla a chleachtadh nó cluichí difriúla a imirt.

5. Paistí le Riachtanais Éagsúla

Conas a thugann múinteoirí tacaíocht dóibh agus conas a chinntíonn siad rannpháirtíocht pháistí le riachtanais speisialta? (Féach Dréacht Threoirlínte an CNCM (NCCA) do Mhúinteoirí Dhaltaí faoi Mhíchumais Foghlama)??????????

Riar ar chumais dhifriúla

Is gá do mhúinteoirí machnamh ar phleanáil chun freastal ar pháistí a bhfuil cumais dhifriúla acu. Bheadh treoirlínte faoi mhodhanna teagaisc a d'fhéadfadh riar ar raon na gcumas áisiúil nuair a bheadh obair do rang ar leith á phleanáil ag múinteoir.

Riar ar an bpáiste a bhfuil riachtanais faoi leith air/uirthi

Ós cuid den churaclam é an corpoideachas atá riachtanach do na páistí go léir, ba chóir go dtairgfeadh an clár raon eispéireas atá chomh fairsing agus is féidir do gach páiste. Ba cheart timpeallacht shlán shábháilte a chur ar fáil don chorpoideachas i gcás an pháiste a bhfuil riachtanais faoi leith air/uirthi.

Ba chóir dúshlán páiste atá antréitheach a thabhairt trí mheán tascanna a oireann dá leibhéal cumais. Os a choinne sin, b'fhéidir go gcaithfí na scileanna, na gníomhaíochtaí agus an fearas a mhodhnú i gcás páiste a bhfuil a ráta dul chun cinn i bhfad níos moille. Is féidir comhairle speisialtóra a lorg d'fhonn na gníomhaíochtaí cuí a aithint. Ba chóir oiriúnacht agus modhnú na ngníomhaíochtaí atá i snáitheanna ar leith a mheas go cúramach chun a dtairbhe don pháiste a chinntiú.

Freastal ar chumais dhifriúla

Ní mór do mhúinteoir gníomhaíochtaí a phleanáil a ligeann do pháistí tabhairt faoi thascanna a oireann dá leibhéal cumais. Ba chóir na straitéisí seo a leanas a chur san áireamh nuair a bhítear ag phleanáil oibre chun freastal ar leibhéil dhifriúla cumais:

- leibhéil dhifriúla deacrachta a chur i bhfeidhm i dtascanna. Mar shampla, iarrtar ar pháiste amháin mála pónairí a chaitheamh agus breith air lena dhá lámh agus é/í ina stad, ach cuirtear dúshlán breise faoi pháiste eile agus iarrtar air/uirthi an ghníomhaíocht a dhéanamh agus é/í ag gluaiseacht. I gcomhthéacs eile, iarrtar ar pháiste a fháil amach cén t-achar is féidir leis/léi rith in dhá nóiméad, ach iarrtar ar pháiste eile a fháil amach cén t-achar is féidir leis/léi rith i nóiméad go leith
- tasc amháin a cheapadh do chách ach ligean do na páistí feidhmiú ag leibhéil dhifriúla. Mar shampla, cuirtear difríochtaí aonánacha san áireamh nuair a chumtar damhsa ina bhfeagraíonn na páistí spreagthach áirithe ar bhealaí éagsúla
- béim a leagan ar shnáitheanna nó ar shnáithaonaid ilghnéitheacha nó ar ghníomhaíochtaí difriúla laistigh de shnáithe. Is féidir leis an múinteoir freastal ar an éagsúlacht cumais agus taithí atá i ngrúpa páistí ach roghnú as raon snáitheanna nó snáithaonad nuair a bhíonn an clár á phleanáil aige/aici. Sa chaoi seo, is féidir leis/léi deiseanna a sholáthar do pháistí a bhfuil taithí acu ar ghníomhaíochtaí faoi leith an barr a bhreith sna gníomhaíochtaí sin nó bheith ag obair ag leibhéal difriúil agus iad ag gabháil do ghníomhaíochtaí ar beag é a dtaithe orthu. Ba chóir don phleanáil soláthar do chothromaíocht i roghnú na ngníomhaíochtaí agus ar an gcaoi seo freastal ar chumais dhifriúla

- páistí a ghrúpáil de réir cumais uaireanta agus de réir gnéis uaireanta eile. Áit a n-úsáidtear modh teagaisc na 'stáisiún' (féach lch 51) is féidir páistí atá ar comhchumas a ghrúpáil nuair a bhíonn sé sin tairbheach dóibh. I gceacht ina mbíonn mionleagan de chluiche á imirt ag páistí, is féidir leo a bheith níos gníomhaí sa chluiche más le páistí atá ar comhchumas leo féin a bhíonn siad ag imirt. D'fhéadfadh go mbeadh sé tábhachtach grúpaí aonghnéasacha a chumadh le haghaidh roinnt gníomhaíochtaí. Mar shampla, mura mbeadh taithí ag na cailíní i rang measctha ar chluiche mar pheil, b'fhéidir go mbainfeadh siad níos mó tairbhe as dá n-imreodh grúpa díobh an mionleagan den chluiche le chéile. Spreagfadh sé seo na cailíní le bheith níos gníomhaí i mbun cluichí. Ba chóir a thuiscint, áfach, go mbeidh ar chumas a lán cailíní a bheith rannpháirteach le buachaillí i ngrúpaí eile. Méid an pháiste ba cheart a chur san áireamh nuair a bhíonn páistí páirteach i ngníomhaíochtaí tadhaill, agus d'fhéadfaí páistí a chur ina mbeirteanna nó a ghrúpáil dá réir.

6. Comhionannas Rannpháirtíochta agus Rochtana

An bhfuil saincheisteanna inscne a chaithfear a chur san áireamh maidir le teagasc an Chorpoideachais??????????

Agus an curaclam corpoideachais á phleanáil, ba cheart riachtanais buachaillí agus cailíní araon agus na nithe is spéis leo a chur san áireamh, ar bhonn cóir, chun cuidiú le dearcadh deimhneach i leith na ngníomhaíochtaí go léir a chothú.

7. Nascadh agus Comhtháthú

Tá sé tábhachtach aird a thabhairt ar conas is féidir snáitheanna nó snáithaonaid áirithe a chomhtháthú le hábhair eile. D'fhéadfaí comhtháthú a dhéanamh laistigh den chorpoideachas féin (nascadh) nó le hábhair eile. D'fhéadfaí a lán cluichí clóis, mar shampla, a phleanáil mar chuid d'aonad lúthchleasaíochta nó d'aonad cluichí. Tá gnéithe den snáithe Gníomhaíochtaí lasmuigh agus gníomhaíochtaí eachtraíochta rí-oiriúnach do chur chuige comhtháite nuair a chuirtear ar siúl ar feadh lae iomláin iad ag tráth áirithe.

Comhtháthú lth. 45-49

Ba chóir don mhúinteoir machnamh ar conas is féidir na cuspóirí a ghnóthú trí chomhtháthú.

- OSPS: An bhéim a leagtar sa chlár corpoideachais ar thaitneamh agus dearcadh deimhneach a chothú i leith gníomhaíochta coirp maille leis an gcuidiú feadh saoil a thugann sí do shláinte, comhlánaíonn sí an snáithaonad 'Aire a thabhairt do mo chorp' sa chlár OSPS. Is féidir rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí lasmuigh a nascadh leis an snáithaonad 'Feasacht agus cúram imshaoil'. Soláthraíonn cluichí agus lúthchleasa deiseanna fiúntacha don pháiste dul i dtaithe ar ghlacadh le breitheanna agus rialacha agus coincheap chothrom na Féinne a fhorbairt -- coincheap a iniúchtar sa snáithaonad 'Caidreamh le daoine eile'. Is féidir le snámh agus gníomhaíochtaí eile

uisce cúrsaí sábháilteachta a fhorbraítear sa snáithaonad 'Sábháilteacht agus cosaint' a chothú.

- Teanga: Foclóir ilchineálach luaile a úsáid (briathra, dobhriathra), treoracha a léirmhíniú, cur síos ar luailí, rialacha a phlé agus eispéiris i gcúrsaí spóirt nó gníomhaíochtaí lasmuigh a ríomh nó a chur i scríbhinn, cuidíonn siad seo go léir le teanga a fhorbairt agus a shaibhriú. Is féidir filíocht agus litríocht a úsáid mar spreagthaigh don damhsa.
- OSIE: Cothaítear forbairt scileanna geografacha, amhail úsáid léarscáileanna, nuair a bhíonn na páistí páirteach i ngníomhaíochtaí lasmuigh. Is féidir staidéar a dhéanamh ar an timpeallacht, ar an aimsir agus ar réimsí talún trí mheán na ngníomhaíochtaí seo chomh maith. Is féidir bunús an cheoil damhsa agus stair cluichí agus spórt a iniúchadh san OSIE freisin. Spóirt áitiúla, náisiúnta agus idirnáisiúnta a bheadh mar bhonn don staidéar seo.
- Oideachas ealaíon: Is féidir cumarsáid neamhbhriathartha a fhorbairt trí ghleacaíocht agus damhsa agus iad a nascadh le gníomhaíochtaí sa cheacht drámaíochta. Is féidir téamaí a bhaineann le heispéiris spórtaíochta agus gníomhaíochtaí lasmuigh a iniúchadh trí mheán na drámaíochta chomh maith agus b'fhéidir obair ealaíne a spreagadh dá bharr. Is féidir ceol a úsáid i ngníomhaíochtaí beochana, agus comhlánaíonn sé ceachtanna gleacaíochta agus damhsa. Is féidir le hobair ealaíne idéanna le haghaidh damhsa a spreagadh, agus is féidir luailí agus téamaí damhsa a léiriú le meán ilghnéitheacha sna hamharcealaíona, m.sh. líníocht, péintéireacht, cré, agus dearadh culaithirte. Is féidir foinn náisiúnta a d'fheilfeadh d'ócáidí spórtaíochta a iniúchadh, mar aon le hamhráin tíre nó amhráin cois tine champa a d'oirfeadh do ghníomhaíochtaí lasmuigh.
- Matamaitic: Cuirtear deiseanna ar fáil chun léirthuisctint do chruth agus chothromaíocht a shaothrú agus chun a bheith ag meas, ag tomhas, agus ag déanamh comparáide. Is féidir torthaí a chlárú, uillinneacha a iniúchadh, agus táblaí sraithchomórtas a scrúdú.

■ Pleanáil Eagair

8. Clár Ama

Am

Gné de phleanáil chlár ranga is ea machnamh ar an méid ama atá le caitheamh le gach snáithe agus ar iomláine an chúraim a dhéanfar de. Ba chóir a thabhairt faoi deara nach gá sciar cothrom d'am curaclaim a chaitheamh le gach snáithe, mar gur féidir na cuspóirí a leagadh amach do gach rang a ghnóthú san am atá curtha ar fáil do ghníomhaíocht áirithe. Glacfaidh gníomhaíochtaí áirithe níos mó ama seachas a chéile. Ba chóir an t-am a thógann sé chun taisteal chuig linn snámha nó ionad do ghníomhaíochtaí lasmuigh a phleanáil. Moltar an bhliain a roinnt ina bloic ina mbeidh ó cheithre go dtí sé seachtaine. Is féidir, mar shampla, snáithe nó cuid de shnáithe a thabhairt chun críche san achar ama seo. Nuair is cuid de shnáithe a mhúintear sa bhloc ama, is féidir go mbeadh sé áisiúil é a chríochnú tráth eile den bhliain. Léiríonn fíor 1 aonad cluichí a thionscnaítear i Meán Fómhair agus a thugtar chun críche níos faide amach sa chlár.

Cathain a mhúinfear gach snáithe

Is féidir go dtiocfaidh roinnt de na tosca thíosluaite i gceist nuair a bhítear ag cinneadh ar an tráth den bhliain ina gcuirfear gníomhaíochtaí ar siúl, .i. cathain a mhúinfear gach snáithe:

- más amhlaidh nach mbíonn teacht ar shaoráid laistigh nó lasmuigh ag am áirithe is féidir go mbeadh sé áisiúil dhá shnáithe a bheith ar siúl ag an am céanna, ceann amháin a bheadh inmhúinte laistigh agus ceann eile a bheadh inmhúinte lasmuigh. Tá sé riachtanach aird a thabhairt ar ghníomhaíochtaí ar féidir leis an aimsir cur isteach orthu agus a mhalairt de ghníomhaíocht a phleanáil ar féidir tabhairt fúithi laistigh, nuair is gá gníomhaíocht a chur ar ceal gan choinne
- an t-am den bhliain inar féidir teacht ar shaoráid don oiliúint uisce
- an t-am den bhliain ar féidir taisteal lasmuigh d'fhearann na scoile, m.sh. le haghaidh cleachta treodóireachta
- a thábhachtaí atá sé an rannpháirtíocht is mó i ngníomhaíocht fhuinniúil a spreagadh nuair a bhíonn an aimsir fuar nó nuair a chuirtear rang ar siúl go luath ar maidin.

Meán Fómhair-Deireadh Fómhair	Samhain-Nollaig	Eanáir-Márta	Aibreán-Meitheamh
Cluichí	Damhsa	Cluichí	Cluichí
Lúthchleasaíocht	Yoga Óga	Damhsa	Gn. lasmuigh/eachtraíochta
			Lúthchleasaíocht

Fíor 1(a). Plean oibre samplach sa chorpoideachas do ranganna naíonán

Meán Fómhair-Deireadh Fómhair	Samhain-Nollaig	Eanáir-Márta	Aibreán-Meitheamh
Cluichí	Damhsa	Oiliúint uisce	Cluichí
Lúthchleasaíocht	Yoga Óga	Damhsa / Cluichí	Athletics
			Gn. lasmuigh/eachtraíochta

Fíor 1(b). Plean oibre samplach sa chorpoideachas do ranganna 1 go dtí 6

- An mbaintear úsáid as blocanna ama le haghaidh Snáitheanna ar leith m.sh. clár ar feadh sé nó ocht seachtain de thurasanna go dtí linn snámha áitiúil chun forbairt a dhéanamh ar na gnéithe bunaithe den chlár Oiliúnt Uisce sa linn snámha????????????
- An mbíonn “Seachtain/Mí Ghníomhach” sa scoil????????????????

9. Cód Eitice

An mbaintear úsáid as oiliúnóirí chun tacú leis an múinteoir ranga cuid de na Snáitheanna ón gcuraclam Corpoideachais a chur i bhfeidhm sa scoil?

An bhfuil cód eitice sa scoil maidir le hoiliúint ó bhaill seachtrach? An bhfuil nósanna imeachta agus dea-chleachtais leagtha amach m.sh. úsáid teangan cuí agus iompar cuí? Cén chaoi a chuirtear oiliúnóir ar an eolas faoi seo?

An bhfuil múinteoirí ag tacú go gníomhach leis an oiliúnóir agus ag múineadh leis nó léi chun an leas is mó a bhaint as ranganna Corpoideachais?

10. Gníomhaíochtaí tar éis scoile

Conas is féidir leis an scoil níos mó deiseanna a chur ar fáil taobh istigh den chlár seach-churaclaim?

Conas is féidir ullmhúchán do chomórtais idir-scoileanna a chur san áireamh leis seo?

Conas is féidir linn a chinntiú go bhfuil na gníomhaíochtaí seach-churaclaim seo nascaithe leis an gclár Corpoideachais?

Cad iad na comórtais/na sraithchomórtais/na cluichí ina mbíonn an scoil rannpháirteach iontu? Cén t-am den bhliain a bhíonn na comórtais seo ar siúl? Céard iad na saghasanna spóirt atá i gceist? Cioca ranganna a ghlacann páirt?

An eagraíonn an scoil lá spóirt ag a dtugtar cuireadh do thuismitheoirí/do phobal na scoile/do dhaoine eile chun gníomhaíochtaí Corpoideachais a fheiceáil?

Déantar peil ghaelach sa scoil idir Mí Eanáir agus Mí Meitheamh. Tógann buachaillí agus cailíní idir Rang a trí go Rang a sé páirt sa pheil. Tá an scoil ag tógáil páirt sa Fingal League.

Tosnaíonn an taenáil ag deireadh Mí Eanáir. Bíonn an traenáil ar siúl gach Céadaoin, muna bhfuil cluiche peile ar siúl ar an lá sin. Bíonn an traenáil agus cluichí ar siúl suas sna páirceanna peile.

Tá club spóirt ar fáil do na páistí sa scoil I rith na bliana. Bíonn spóirt de gach saghas ar siúl-peil ghaelach, sacair, cispheil, unihac mar shampla.

11. Trealamh Corpoideachais agus TEC (ICT)

Trealamh Corpoideachais

An bhfuil liosta déanta den trealamh agus de na hacmhainní atá ar fáil don chorpoideachas? An bhfuil seicliosta ábhar agus trealaimh ag an scoil?

Liosta fearais don chorpoideachas

Trealamh a mholtar don lúthchleasaíocht agus do na cluichí

Tá sé tábhachtach an cóimheas ceart a bheith idir an trealamh agus líon na bpáistí. Sna ceachtanna ar chluichí ba cheart teacht a bheith ag gach páiste ar an ngaireas buailte a bhíonn in úsáid, nuair is féidir é, m.sh. raicéad leadóige ag gach páiste agus liathróid ag gach páiste nó ag gach beirt. Ar an gcaoi chéanna, ba cheart liathróid a bheith ag gach páiste nó ag gach beirt nuair a bhíonn cleachtaí caite agus gabhála ar siúl.

Ar éigean a bhíonn fearas ar bith ag teastáil chun roinnt gnéithe den chlár lúthchleasaíochta a theagasc, ach tá bunfhearas áirithe riachtanach má táthar chun clár cuimsitheach a chur ar fáil:

- raon de liathróidí, idir bheag is mhór, a bhféadfadh na cinn seo a bheith ina measc
 - croíleacáin liathróidí leadóige nó na liathróidí féin
 - liathróidí vinile agus tomhais éagsúla acu (115 go dtí 255 mm sa trastomhas)

- liathróidí éadroma uimhir 5 (oiriúnach do pháistí óga agus do chleachtaí eitleoige)
- liathróidí scoth-throma uimhir 5 (oiriúnach do chleachtaí caite, gabhála, rollta agus ciceála)
- liathróidí brata le cúr-rubar (lena n-úsáid le raicéid)
- liathróidí cúr-rubair nó plaistigh le haghaidh mionrugbaí
- fonsaí plaistigh
- cánaí
- rópaí scipeála
- málaí pónairí
- caidhtí
- scidilí sreinge miotail, cliatha cúrrubair
- cóin phlaisteacha, il-loirg nó loirg spáis
- bréid nó bibí
- raicéid phlaistigh, slacáin imeartha adhmaid
- maidí haca, camáin, maidí uni-hoc
- bataí adhmaid, plaistigh nó cóimhiotail do rásaí sealáiochta
- gabhdáin phlaistigh nó sreinge miotail
- líonta chun liathróidí a iompar
- cailc
- téip
- stopuaireadóir

Trealamh a mholtar don ghleacaíocht agus don damhsa

Ba chóir an cóimheas idir líon na mball trealaimh agus líon na bpáistí a chur san áireamh nuair a bhíonn fearas á roghnú don ghleacaíocht.

Bunriachtanas is ea na mataí gleacaíochta, agus ba chóir riar a gcáis díobh a sholáthar do na páistí chun go mbeidh siad rannpháirteach go hiomlán. Ba chóir mata (6 troithe faoi 4 troithe) a bheith ar fáil do gach beirt, triúr nó ceathrar páiste nuair is féidir.

Baill trealaimh eile atá anilfheidhmeach is ea na binsí cothromaithe; ba leor idir ceithre agus sé cinn acu don líon daltaí sa rang go hiondúil.

- teaghlaim cheoil
- téipthaifeadán
- fonsaí
- il-loirg nó loirg spáis
- mataí gleacaíochta
- frámaí dreaptha, iad dobhogtha nó inaistrithe agus feistithe le baill bhreise fhearais
- binsí cothromaithe
- barrabhosca nó bord luaile

An trealamh a mholtar do ghníomhaíochtaí lasmuigh agus ghníomhaíochtaí eachtraíochta

Is féidir go gcuirfidh ionaid oideachais lasmuigh trealamh ilghnéitheach ar fáil do ghrúpaí ranga, m.sh. cúrsaí clocháin, cúrsaí dreaptha ballaí, ballaí rópaí, seaicéid tarrthála, srl.

Is féidir go mbeidh sé indéanta conairí eachtraíochta a thógáil laistigh den scoil, ag baint feidhme as binsí, mataí, frámaí dreaptha, srl.

An trealamh a mholtar don oiliúint uisce

I measc an trealaimh úsáidigh ag an linn snámha d'fhéadfadh go mbeadh

- snámháin snámha
- fáinní tumtha
- maidí tumtha
- fonsaí tumtha ualaithe
- rópaí
- cuaillí_

TEC (ICT)

Is féidir teicneolaíocht an eolais agus na cumarsáide a úsáid chun achair faoi leith laistigh den churaclam corpoideachais a fhorlíonadh agus a thaighde de réir mar a thugann na páistí aonaid oibre chun críche.

Bíonn an-chuimse eolais ar an idirlíon faoina lán gnéithe de chúrsaí spóirt. Is féidir eolas a fháil chun fios agus léirthuisctint na bpáistí ar na gníomhaíochtaí a bhíonn ar siúl acu sa cheacht corpoideachais a mhéadú. Bíonn stair na spóirt, pictiúir de dhaoine mór le rá i gcúrsaí spóirt agus de láithreacha spóirt, maille le torthaí eachtraí spóirt, le fáil go furasta ar líne. Soláthraíonn nuachtáin laethúla tuilleadh eolais ar líne faoi imeachtaí spóirt. D'fhéadfadh an scoil a gréasán féin a fhorbairt chun eolas a scaipeadh faoina clár corpoideachais nó faoina gníomhaíochtaí seach-churaclaim. Is meán úsáideach é an ríomhphost freisin chun eolas a bhailiú do thionscadail a bhaineann le corpoideachas. D'fhéadfadh CLG ar an ngréasán domhanda, mar shampla, a sholáthraíonn eolas ar stair na gcluichí Gaelacha, torthaí spóirt nó gníomhaíochtaí clubanna comhlánú a dhéanamh ar aonad oibre cluichí ina mbeadh iománaíocht á himirt ag na páistí. Dhéanfaidh íomhánna ar bith a d'aimseodh na páistí de phearsana spóirt áitiúla, náisiúnta nó idirnáisiúnta patrúin dheimhneacha a sholáthar dóibh.

Tá ciclipéidí ilmheánacha le fáil ar dhlúthdhiosca chomh maith, agus ligfidís seo do pháistí leanúint den spéis atá acu i ngníomhaíochtaí coirp.

Cuireann úsáid bunachar sonraí deiseanna spreagthacha ar fáil chun gníomhaíochtaí lae spóirt, táblaí sraithchomórtais nó torthaí eachtraí treodóireachta a chlárú. Nuair a bhíonn a ngnóthachtáil á tomhas ag na páistí d'fhéadfaidís táblaí bána a tháirgfeadh próiseálaí focal a úsáid nó clár leagan amach leathanach a úsáid chun cártaí cuntais nó cairteacha simplí a dhearadh. D'fhéadfaí cártaí stiúracha le haghaidh treodóireachta agus iad saincheaptha do thimpeallacht na scoile a dhearadh freisin.

12. Sláinte agus Sábháilteacht

An corpoideachas agus sláinte

Cuireann corpacmhainn dea-shláinte béim ar chéim shláinte an choirp, corp atá ag feidhmiú go héifeachtach, agus ar fholláine fhisiceach a bhrath. Ní bhaineann sí go sonrach le haon spórt faoi leith agus ní ceart í a chiallú mar chorpacmhainn fhisiceach, téarma a chuireann i gcéill leibhéil éagsúla corpacmhainne a ghabhann le céimeanna forásacha faoi leith agus le spóirt faoi leith.

Is iad an scoil agus na tuismitheoirí i bpáirt a chothaíonn corpacmhainn dhea-shláinte sa pháiste ó na blianta tosaigh amach. Ba chóir dóibh i gcomhar le chéile féachaint chuige go gcleachtann an páiste stíl shláintiúil mhaireachtála agus go saothraíonn sé/sí dearcadh deimhneach maidir le gníomhaíocht choirp. I dtosach cothaítear na tréithe seo trí luail a thástáil agus a iniúchadh agus tríd an dúil nádúrtha san imirt a fhorbairt. De réir mar a théann an páiste ar aghaidh tríd an bhunscoil, ba chóir deiseanna a thabhairt dó/di a f(h) easacht ar ról na gníomhaíochta choirp i gcúrsaí sláinte a fhorbairt a thuilleadh.

Cothromas idir buachaillí agus cailíní a chothú tríd an gcorpoideachas

Nuair a bhíonn an clár corpoideachais á phleanáil, ba cheart riachtanais cailíní agus buachaillí araon chomh maith leis na nithe is spéis leo a chur san áireamh ar bhonn cóir. Ba chóir a chinntiú go mbíonn fáil ag cailíní agus ag buachaillí ar chlár cothrom gníomhaíochtaí.

Ba chóir machnamh a dhéanamh ar

- an gá atá le cothromas idir buachaillí agus cailíní
- cabhrú le páistí dearcadh deimhneach maidir leis na gníomhaíochtaí go léir a ghnóthú
- teacht comhionann a bheith ag na páistí go léir ar an bhfearas agus na háiseanna corpoideachais agus ar na hachair imeartha
- páistí a ghrúpáil don gcorpoideachas. Is féidir go mbeidh sé riachtanach páistí a ghrúpáil anois is arís do ghníomhaíochtaí difriúla, ach ní ceart é seo a dhéanamh ar bhonn gnéis amháin
- riachtanais cailíní agus buachaillí tráth a mbíonn corpacmhainn dheashláinte na bpáistí á cothú.

Cleachtais shábháilte sa chorpoidéachas

Cuimsíonn an corpoideachas a lán gníomhaíochtaí a chuireann dúshlán faoi thionscnamh, faoi dhiongbháilteacht agus faoi mhisneach an pháiste.

Ní thig le réamhchúraimí sábháilteachta gach priacal a chur ar ceal, ach ba chóir go gcealóidís contúirtí ineachanta. Ba chóir machnamh a dhéanamh ar na pointí seo a leanas:

- tá an gaol oibre a fhothaíonn an múinteoir leis an rang ar cheann de na tosca is tábhachtaí chun timpeallacht shábháilte foghlama a chothú
- ba cheart go gcuirfí an múinteoir ar an eolas mar gheall ar easláinte páistí ar leith a d'fhéadfadh cur isteach ar a sábháilteacht le linn ceachta corpoideachais
- is féidir le scil agus le heolas an mhúinteora, maille leis an bhfreagracht a mhothaíonn an páiste, cuidiú le timpistí a sheachaint
- tá sé riachtanach do shábháilteacht an pháiste an múinteoir a bheith feasach ar a (h)aois agus ar a c(h)éim foráis agus ar aon riachtanas speisialta atá air/uirthi
- ba chóir na nósanna imeachta a chleachtfaí sa chás go dtarlódh timpistí le linn ceachta corpoideachais a bheith scríofa sa ráiteas sábháilteachta sa phlean scoile.

Staidiúir

Ba chóir béim a chur ar dhea-staidiúir a choinneáil i rith na ngníomhaíochtaí uile, rud atá thar

a bheith tábhachtach nuair a bhíonn fearas á ardú agus á iompar.

Beochan agus suaimhniú

Caithfidh páistí eolas agus tuiscint phraiticiúil a fháil ar bheochan agus ar shuaimhniú sa chaoi go n-ullmhóidh siad an corp chun aclaíochta a dhéanamh go sábháilte agus go héifeachtach agus go dtiocfaidh siad chucu féin ina dhiaidh sin. Is é tús an phróisis seo ná dea-chleachtas a bheith á fheidhmiú go leanúnach ag na páistí, agus tagann sé chun buaice nuair a bhíonn modhanna imeachta atá ábhartha agus cuí á gceapadh acu dóibh féin. Caithfidh na gníomhaíochtaí beochana agus suaimhnithe a úsáideann múinteoirí a bheith sábháilte taitneamhach.

Éadach

Ba chóir do gach scoil cleachtas cuí gléasta a cheapadh don chorpoideachas. Dea-chleachtas é na héadaí a chaitear i rith corpoideachais a athrú díreach i ndiaidh an cheachta, más féidir. Ba chóir go gcuideodh na héadaí a chaitear le soghluaisteacht sna gníomhaíochtaí go léir, agus ba chóir go n-oirfidís do thosca ilghnéitheacha. Tá coisbheart oiriúnach thar a bheith tábhachtach. Ní ceart go mbeadh páistí ag obair laistigh ar chúis ar bith agus gan orthu ach stocáí toisc nach ngreamaíonn siad den urlár, ná ní ceart ligean dóibh a bheith ag obair cosnócht mura mbíonn na tosca oiriúnach. Ní ceart seodra a chaitheamh.

Fearas

Ba chóir an fearas a úsáidtear i ngach gníomhaíocht a bheith oiriúnach maidir le méid, meáchan agus dearadh d'aois, do neart agus do chumas an pháiste. Ba chóir mianach maith a bheith ann agus dea-bhail a bheith air. Is gá an-chúram a dhéanamh de roghnú agus d'úsáid an fhearais agus ní ceart fearas loite a úsáid riamh. Ba chóir an bhail atá ar an bhfearas go léir agus ar na hachair oibre a iniúchadh go rialta chun deimhin a dhéanamh de go bhfuil na páistí ag obair i dtimpeallacht shábháilte ghlan.

13. Pleanáil agus Tuairisciú Múinteoirí Aonair

Conas a chuireann an plean scoile uile agus na cáipéisí curaclaim do Chorpoideachas eolas agus treoir ar fáil do mhúinteoirí aonair agus pleanáil fhadtéarmach agus ghearrthéarmach á dhéanamh acu?

An ndéanfaidh múinteoirí pleanáil ag baint úsáide as na Snáitheanna agus as na Snáithaonaid? Ag baint úsáide as cur chuige téamúil? (Féach lth. 34-35 Treoirlínte do Mhúinteoirí)

Cén fheidhm a bhainfidh leis an gCuntas Míósúil chun an plean uile-scoile/ullmhúchán an mhúinteora aonair a athbhreithniú agus a fhorbairt san todhchaí? Conas a dhéanfar é sin a bhainistiú?.

14. Forbairt Foirne

Beidh deis ag na múinteoirí an plean scoile maidir le eolaíocht a fheiceáil san oifig, más múinteoir nua thú, chun cabhrú leo leis an pleanáil fadtéarmach.

Beidh liosta ar fáil do gach múinteoir anseo sa plean scoile de na leabhair a bheadh go maith sa mhúineadh den eolaíocht agus na suíomhanna idirlíne a bheadh úsáideach sa seomra ranga eolaíochta freisin.

An bhfuil fáil ag múinteoirí ar thaighde reatha, ar leabhair thagartha, ar leabhair thaighde, ar ábhair

acmhainne agus ar shuímh ghréasáin atá ag deileáil le Corpoideachas? Cé a ghlacfaidh freagracht as monatóireacht a dhéanamh ar fhorbairtí?

An féidir le baill na foirne scoile taighde a dhéanamh ar mhodhanna teagaisc nua? An féidir leo taispeántais a thabhairt nó deiseanna a fháil, le trealamh nó acmhainní nua a thriail, a eagrú agus measúnú a dhéanamh orthu maidir lena gceannach nó a mhalairt?

An bhfuil cúrsaí-inseirbhíse cuí Corpoideachais ar fáil? An spreagtar múinteoirí chun freastal orthu?

An spreagtar múinteoirí chun an saineolas atá faighte acu ar na cúrsaí seo a roinnt?

Cathain agus conas a thugtar an deis dóibh é a roinnt?

An bhfuil am curtha i leataobh ag cruinnithe foirne chun gnéithe den churaclam Corpoideachais a phlé?

- *An féidir le múinteoirí leas a bhaint as saineolas inmheánach nó seachtrach, nó as an dá rud araon, chun uas-oiliúint a chur ar phobal na scoile i ngeall ar na gnéithe seo?*
- *An bhfuil deiseanna ann le haghaidh teagasc-foirne? Conas a dhéantar é sin a bhainistiú?*

15. Rannpháirtíocht Tuismitheoirí

Tacaíocht na dtuismitheoirí

Braitheann páirtíocht éifeachtach ar eagrú agus ar riar fóna. Ba chóir tacaíocht na dtuismitheoirí don chlár corpoideachais a lorg sa chaoi go mbainfidh na páistí an leas is mó as an gcorpoideachas. Ba chóir tuiscint ar thábhacht an chorpoideachais a chothú i bpobal leitheadach na scoile.

D'fhéadfaí tuismitheoirí a bhfuil taithí speisialta acu ar an gcorpoideachas a spreagadh chun cabhair a thabhairt nuair a thagann deis faoi leith chuige sin. D'fhéadfadh na tuismitheoirí cainteanna ar ábhair atá bainteach le corpoideachas a eagrú, nó d'fhéadfaí iad a spreagadh chun cuidiú le gníomhaíochtaí mar Lá Spóirt do Chách, cuairteanna ar an linn snámha, nó turais oideachais lasmuigh.

16. Nasc le Pobal na Scoile

Caidreamh a bhunú le clubanna spóirt agus le gasraí áitiúla damhsa

Ba chóir do scoileanna machnamh ar chaidreamh a chothú le clubanna spóirt agus le gasraí áitiúla damhsa, más féidir, d'fhonn a éascú do na páistí a bheith páirteach sna gníomhaíochtaí a sholáthraíonn na clubanna nó na gasraí. Is minic a chuireann clubanna oiliúint faoi threoir saineolaithe ar fáil, agus cuirtear deiseanna le haghaidh foráis shóisialta agus phearsanta ar fáil do pháistí nuair a ghníomhaíonn siad i bpáirt le páistí eile.

Tacaíocht oiliúnóirí

B'fhéidir go soláthródh eagraíochtaí náisiúnta agus áitiúla spóirt oiliúint i spóirt faoi leith go deonach mar chuid den chlár corpoideachais. Ar an gcaoi chéanna b'fhéidir go múinfeadh damhsóirí, atá bainteach le tionscadail faoi leith a chothaíonn an damhsa san oideachas, damhsa. B'fhéidir go gcabhródh daoine atá páirteach i scéimeanna fostaíochta le spórt faoi leith a fhorbairt.

Agus an múinteoir ag cinneadh ar ról oiliúnóirí, cinnirí nó damhsóirí ar bith, ba cheart dó/di na cúinsí seo a leanas a aithint:

- riachtanais na bpáistí
- na bearnaí atá sa soláthar
- a mhéid a rachaidh an pearsanra tacaíochta chun tairbhe don pháiste aonánach agus don rang
- an taithí go dtí seo ar dhaoine óga a bhí ag na daoine a roghnaíodh
- cáilíochtaí an phearsanra tacaíochta
- an t-eolas ar shláinte agus ar shábháilteacht a nochtann an pearsanra tacaíochta
- scileanna eagartha an phearsanra tacaíochta.

Ba cheart don mhúinteoir ranga ansin riachtanais an ranga agus riachtanais páistí aonánacha sa rang, más cuí, polasaí na scoile maidir le corpoideachas agus clár an ranga sa chorpoideachas a phlé leis an bpearsanra a roghnaíodh. Tacóidh an pearsanra a roghnaíodh ansin le ról an mhúinteora i bhfeidhmiú cláir a rachaidh chun sochair don pháiste aonánach agus don rang. Tá sé riachtanach múinteoir ranga a bheith i láthair nuair a bhíonn an t-oiliúnóir ag obair leis an rang.

Ba chóir don scoil freagracht a ghabháil as féachaint chuige go bhfuil gach duine a bhfuil baint aige/aici le teagasc feasach ar na rólanna difriúla ach fós comhlánacha atá acu. Ba cheart go gcaithfí machnamh le Cód Eitice agus Dea-Chleachtais le haghaidh Spóirt Pháistí in Éirinn, cáipéis a thugann treoir do dhaoine a bhfuil baint acu le spórt. Cé gur cosúil go bhfuil sé tairbheach oiliúnóirí spóirt agus damhsóirí a bheith ag tabhairt lámh chúnta i rith ama curaclaim, is ról tacaíochta agus ní ról ionadaíochta don mhúinteoir ba cheart a bheith acu. Caithfidh an múinteoir freagracht ghinearálta a choimeád as pleanáil, eagrú, smacht agus monatóireacht chun go gcinnteofar go bhfuil gníomhaíocht choirp an pháiste comhleanúnach, comhsheasmhach, forchéimnitheach, agus faoi riail.

Úsáid saoráide pobail

Nuair nach bhfuil saoráid laistigh nó lasmuigh atá oiriúnach le fáil sa scoil, ba chóir an teacht atá ar shaoráid phobail a imscrúdú agus am a fhágáil le haghaidh taistil, más gá.

■ Critéir Rathúlachta (*lena ndéanfar an polasaí a mheas*)

- **Conas a bheidh a fhios againn go bhfuil an plean seo curtha i bhfeidhm?**
 - Ullmhúchán múinteoirí bunaithe ar an bplean seo
 - Na cleachtais atá leagtha amach sa phlean seo á leanúint go seasta
 - Eile
- **An bhfuil aidhmeanna an phlean bainte amach? Céard iad na comharthaí? (Déan tagairt d'aidhmeanna)**
 - I measc na modhanna chun torthaí an phlean a mheas, tá*
 - Aiseolas ó mhúinteoirí/ó thuismitheoirí/ó phobal na scoile
 - Aiseolas ó pháistí maidir le leibhéal gníomhaíochta, maidir le taitneamh agus maidir le forbairt scile sna ranganna
 - Tuairiscí/moltaí cigirí (ROE 7rl)
 - Aiseolas ón dara leibhéal
 - Eile

- *Ar chuir an plean na príomhtheachtaireachtaí chun cinn agus clár an Chorpoideachais á chur i bhfeidhm,?*

- *An tábhacht a bhaineann le taitneamh agus le súgradh*
- *Uasmhéid rannpháirtíochta ó na páistí go léir*
- *Forbairt tuisceana agus scile*
- *Cothromaíocht idir gníomhaíochtaí iomaíocha agus neamh-iomaíocha*
- *Cothromaíocht idir gníomhaíochtaí teagmhála agus neamh-theagmhála*
- *Deiseanna a sholáthar do gach páiste éacht a bhaint amach*

Gníomhaíochtaí a sholáthar atá chomh hoiriúnach céanna do bhuachaillí agus do chailíní.

■ Cur i bhfeidhm

(a) Rólanna agus freagracht

Rinne Adrian Ó Dúill dreachtú ar an plean scoile le haghaidh Corpoideachais. Tháinig an foireann le chéile agus bhí plé déanta ar an dréacht. Bhí athruithe déanta leis an bplean scoile ansin, agus bhí na hathruithe seo curtha isteach sa dhréacht nua. Bhí plé déanta ar an dréacht nua i gcruinniú foirne, agus glactar leis an plean scoile staire ina dhiaidh sin.

Beidh monatóireacht déanta ar an bplean scoile go rialta.

(b) Spriocdhátaí leis an bplean a chur i bhfeidhm

Bhí an chéad dréacht plean scoile corpoideachais curtha ós conhair an foireann scoile ar

Bhí an chéad dréacht plean scoile corpoideachais curtha ós conhair an bord bainistíochta ar

Bhí an dara dréacht plean scoile corpoideachais curtha ós conhair an foireann scoile ar

Glactar leis an bplean scoile corpoideachais ar an

Déanfar monatóireacht ar an bplean go rialta.

■ Athbhreithniú

(a) Rólanna agus freagracht

Ní mór athbhreithniú a dhéanamh ar an bplean seo ar bhonn rialta chun a chinntiú go gcuirtear an curaclam eolaíochta i bhfeidhm.

Ainmnigh iad siúd a bheidh páirteach san athbhreithniú

- *Múinteoirí*
- *Daltaí*
- *Tuismitheoirí*
- *Sealbhóirí poist/comhordaitheoir an phlean*
- *Bord Bainistíochta/ROE (DES)/Eile.*

Tá sé tábhachtach go mbeadh duine amháin ar a laghad freagrach as comhordú an athbhreithnithe

(b) Spriocdháta don athbhreithniú

Luaigh dáta cinnte chun athbhreithniú a dhéanamh ar an bplean seo.

■ Daingniú agus Cumarsáid

Déanfaidh an Bord Bainistíochta an daingniú

Abair conas go díreach a scaipfear an plean seo agus cé dó/dóibh a thabharfar é.

Mír Thagartha

- Curaclam na Bunscoile. Foghlaim do pháiste: Treoirlínte do Thuismitheoirí
- Curaclam na Bunscoile: Corpoideachas (1999)

Suímh Idirlín:

PCSP	www.pcsp.ie
SDPS	www.sdps.ie
NCCA	www.ncca.ie
NCTE	www.ncte.ie/internetsafety
DES	www.education.ie
INTO	www.into.ie
IPPN	www.ippn.ie
NPC Primary	www.npc.ie